CINNTÍ

CINNEADH (AE) 2022/895 ÓN gCOMHAIRLE

an 24 Bealtaine 2022

lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht thar ceann an Aontais Eorpaigh le haghaidh coinbhinsiún cuimsitheach idirnáisiúnta maidir le cur i gcoinne úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun críoch coiriúil

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 82(1) agus (2), agus Airteagal 83(1), i gcomhar le hAirteagal 218(3) agus (4) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 27 Nollaig 2019, ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe Rún 74/247 maidir le cur i gcoinne úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun críoch coiriúil, agus chinn sé coiste saineolaithe idir-rialtasach *ad hoc* neamhiata a bhunú a bheadh ionadaíoch do na réigiúin uile, chun coinbhinsiún cuimsitheach idirnáisiúnta a fhorbairt maidir le cur i gcoinne úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun críoch coiriúil.

(2) Tá rialacha glactha ag an Aontas cheana féin lena gcumhdaítear cuid de na gnéithe, ach ní gach uile ghné, is dóigh a dhéanfar a bhreithniú lena gcur san áireamh sa choinbhinsiún cuimsitheach idirnáisiúnta maidir le cur i gcoinne úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun críoch coiriúil. Áirítear leis na rialacha sin go háirithe ionstraimí maidir leis an dlí coiriúil substainteach ([1]), maidir le comhar póilíneachta agus comhar breithiúnach in ábhair choiriúla ([2])agus

([1]) Treoir 2011/93/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus pornagrafaíocht leanaí a chomhrac, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2004/68/CGB ón gComhairle, (IO L 335, 17.12.2011, lgh. 1); Treoir 2013/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Lúnasa 2013 maidir le hionsaithe ar chórais faisnéise agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2005/222/CGB ón gComhairle, (IO L 218, 14.8.2013, lgh. 8); Treoir (AE) 2019/713 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le calaois agus góchumadh modhanna íocaíochta neamhairgid a chomhrac agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2001/413/CGB ón gComhairle, (IO L 123, 10.5.2019, lgh. 18).

([2]) Gníomh ón gComhairle an 29 Bealtaine 2000 lena mbunaítear, i gcomhréir le hAirteagal 34 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, an Coinbhinsiún um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh (forálacha dá dtagraítear in Airteagal 2(1) den Choinbhinsiún sin) (IO C 197, 12.7.2000, lch. 1); Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust), agus a ghabhann in ionad Chinneadh 2002/187/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear an cinneadh sin (IO L 295, 21.11.2018, lch. 138); Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin, (IO L 135, 24.5.2016, lch. 53); Cinneadh Réime 2002/465/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir le foirne comhpháirteacha um imscrúdú, (IO L 162, 20.6.2002, lch. 1); Cinneadh Réime 2009/948/CGB ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le coinbhleachtaí i bhfeidhmiú dlínse in imeachtaí coiriúla a chosc agus a shocrú (IO L 328, 15.12.2009, lch. 42); Treoir 2014/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach in ábhair choiriúla, (IO L 130, 1.5.2014, lch. 1).

maidir le híoschaighdeáin le haghaidh cearta nós imeachta ([3]), chomh maith le cosaint sonraí agus coimircí príobháideachais ([4]). Ina theannta sin, ós rud é gur rinneadh agus gur pléadh tograí reachtacha i réimsí gaolmhara breise cheana féin, ba cheart na tograí sin a chur san áireamh a mhéid a bhfuil mar aidhm acu éifeachtacht chreat dlíthiúil an Aontais a atreisiú.

(3) Dá bhrí sin, d'fhéadfadh coinbhinsiún cuimsitheach idirnáisiúnta maidir le cur i gcoinne úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun críoch coiriúil difear a dhéanamh do rialacha áirithe an Aontais nó raon feidhme na rialacha sin a athrú.

(4) Chun sláine dhlí an Aontais a chosaint agus chun a áirithiú go leanfaidh rialacha an dlí idirnáisiúnta agus rialacha dhlí an Aontais de bheith comhsheasmhach, is gá don Choimisiún, in éineacht leis na Ballstáit, i ndáil le hábhair a thagann faoi inniúlacht an Aontais, mar a shainítear sna Conarthaí, agus a bhfuil rialacha glactha ag an Aontas ina leith, páirt a ghlacadh sa chaibidlíocht le haghaidh coinbhinsiún cuimsitheach idirnáisiúnta maidir le cur i gcoinne úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun críoch coiriúil.

(5) An 22 Márta 2021, ghlac an Chomhairle conclúidí maidir le straitéis chibearshlándála an Aontais sa deacáid dhigiteach. Mheabhraigh an Chomhairle sna conclúidí sin go bhféadfadh baint a bheith ag roinnt gnéithe den chaibidlíocht sin le haghaidh coinbhinsiún cuimsitheach idirnáisiúnta maidir le cur i gcoinne úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun críoch coiriúil leis an gComhbheartas Eachtrach agus Slándála, trína chur i bhfios go láidir go ndéanann sí an méid seo a leanas: 'tacaíonn sí agus cuireann sí chun cinn Coinbhinsiún Bhúdaipeist maidir leis an gCibearchoireacht agus tacaíonn sí agus cuireann sí chun cinn an obair atá ar bun ar an Dara Prótacal Breise a ghabhann leis an gCoinbhinsiún seo. Thairis sin, leanann sí de mhalartuithe iltaobhacha maidir leis an gcibearchoireacht a dhéanamh, lena n-áirítear sna próisis a bhaineann leis an gComhairle Eorpach, le hOifig na Náisiún Aontaithe i leith Drugaí agus Coireachta (UNODC) agus leis an gCoimisiún um Choireacht a Chosc agus um Cheartas Coiriúil, chun comhar idirnáisiúnta feabhsaithe a áirithiú chun cur i gcoinne na cibearchoireachta, lena n-áirítear dea-chleachtais agus eolas teicniúil a mhalartú agus tacú le fothú acmhainneachta agus, ag an am céanna, cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a urramú, a chur chun cinn agus a chosaint'.

(6) Ba cheart nár dhochar an Cinneadh seo do roinnt na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus na Ballstáit mar a shainítear sna Conarthaí, do rannpháirtíocht na mBallstát sa chaibidlíocht le haghaidh coinbhinsiún cuimsitheach idirnáisiúnta maidir le cur i gcoinne úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun críoch coiriúil agus d'aon chinneadh a dhéanfar ina dhiaidh sin maidir le coinbhinsiún den sórt sin a thabhairt chun críche, a shíniú nó a dhaingniú.

(7) Dírítear na treoracha caibidlíochta a leagtar amach san Aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo chuig an gCoimisiúin agus féadfar iad a athbhreithniú agus tuilleadh forbartha a dhéanamh orthu más iomchuí ag brath ar éabhlóid na caibidlíochta.

(8) I gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit comhoibriú go dlúth le linn an phróisis chaibidlíochta, lena n-áirítear trí theagmhálacha rialta le saineolaithe na mBallstát agus lena n-ionadaithe i Nua-Eabhrac agus i Vín.

([3]) Treoir 2010/64/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 maidir leis an gceart chun ateangaireachta agus chun aistriúcháin in imeachtaí coiriúla, (IO L 280, 26.10.2010, lch. 1); Treoir 2012/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir leis an gceart i gcomhair faisnéise in imeachtaí coiriúla, (IO L 142, 1.6.2012, lch. 1); Treoir 2013/48/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 maidir leis an gceart chun dlíodóir a rochtain in imeachtaí coiriúla agus in imeachtaí maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach, agus leis an gceart chun tríú páirtí a chur ar an eolas maidir le cailleadh saoirse agus chun cumarsáid a dhéanamh le tríú daoine agus le húdaráis chonsalachta nuair a chailltear an tsaoirse, (IO L 294, 6.11.2013, lch. 1); Treoir (AE) 2016/1919 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le cúnamh dlí do dhaoine atá faoi dhrochamhras agus daoine cúisithe in imeachtaí coiriúla agus do dhaoine iarrtha in imeachtaí maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach, (IO L 297, 4.11.2016, lch. 1); Treoir (AE) 2016/800 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir leis na coimircí nós imeachta do leanaí ar daoine iad atá faoi drochamhras nó atá cúisithe in imeachtaí coiriúla, (IO L 132, 21.5.2016, lch. 1); Treoir (AE) 2016/343 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le neartú ar ghnéithe áirithe de thoimhde na neamhchiontachta agus den cheart chun bheith i láthair le linn na trialach in imeachtaí coiriúla, -(IO L 65, 11.3.2016, lch. 1).

([4]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1); Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89); Treoir 2009/136/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 lena leasaítear Treoir 2002/22/CE maidir le seirbhís uilíoch agus cearta úsáideoirí a bhaineann le líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí, Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí agus Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 maidir le comhar idir na húdaráis náisiúnta atá freagrach as dlíthe cosanta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú (IO L 337, 18.12.2009, lch. 11).

(9) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus thug sé tuairim uaidh an 18 Bealtaine 2022 ([5]).

(10) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(11) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Leis seo, údaraítear don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht, thar ceann an Aontais, a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoi réim inniúlachtaí an Aontais, mar a shainítear sna Conarthaí, agus a bhfuil rialacha glactha ag an Aontas ina leith, le haghaigh coinbhinsiún cuimsitheach idirnáisiúnta maidir le cur i gcoinne úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun críoch coiriúil.

2. Seolfar an chaibidlíocht ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta ón gComhairle a leagtar amach san Aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo agus féadfar iad a athbhreithniú agus tuilleadh forbartha a dhéanamh orthu de réir mar is iomchuí ag brath ar éabhlóid na caibidlíochta.

Airteagal 2

Déanfar an chaibidlíocht i gcomhar leis an Meitheal um Chomhar Breithiúnach in Ábhair Choiriúla, a ainmnítear leis seo mar choiste speisialta de réir bhrí Airteagal 218(4) CFAE.

Tuairisceoidh an Coimisiún go rialta don choiste speisialta dá dtagraítear sa chéad alt faoi na céimeanna a glacadh de bhun an Chinnidh seo agus rachaidh sé i gcomhairle leis go rialta.

Arna iarraidh sin don Chomhairle, tuairisceoidh an Coimisiún don Chomhairle maidir le seoladh agus toradh na caibidlíochta, lena n-áirítear i scríbhinn.

A mhéid a thagann ábhar na gcaibidlíochta faoi inniúlachtaí an Aontais agus na mBallstát araon, comhoibreoidh an Coimisiún agus na Ballstát i ndlúthchomhar le chéile le linn an phróisis chaibidlíochta, d'fhonn aontacht a áirithiú maidir le hionadaíocht an Aontais agus a Bhallstáit go hidirnáisiúnta.

Airteagal 3

Déanfar an Cinneadh seo agus a aguisín a chur ar fáil don phobal díreach tar éis a nglactha.

Airteagal 4

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiúin.

([5]) Tuairim an 18 Bealtaine 2022 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 24 Bealtaine 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
B. LE MAIRE

AGUISÍN

TREORACHA LE hAGHAIDH COINBHINSIÚN CUIMSITHEACH IDIRNÁISIÚNTA A CHAIBIDIL MAIDIR LE CUR I gCOINNE ÚSÁID NA dTEICNEOLAÍOCHTAÍ FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE CHUN CRÍOCH COIRIÚIL

Maidir leis an bpróiseas caibidlíochta, ba cheart é a bheith mar aidhm ag an Aontas an méid seo a leanas a bhaint amach:

(1) Go bhfuil an próiseas caibidlíochta oscailte, cuimsitheach agus trédhearcach, agus go bhfuil sé bunaithe ar chomhar de mheon macánta.

(2) Go gcumasaítear leis an bpróiseas caibidlíochta rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara ábhartha uile ar bhealach fóinteach, lena n-áirítear ionadaithe na sochaí sibhialta, na hearnála príobháidí, an agus na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha.

(3) Go ndéantar an t-ionchur a fhaightear ó bhaill iomlán na Náisiún Aontaithe a mheas ar bhonn comhionann chun próiseas cuimsitheach a áirithiú.

(4) Go bhfuil an próiseas caibidlíochta bunaithe ar chlár oibre éifeachtach réadúil.

Maidir le cuspóirí ginearálta na caibidlíochta, ba cheart é a bheith mar aidhm ag an Aontas an méid seo a leanas a bhaint amach:

(5) Agus ardleibhéal cosanta á áirithiú do chearta an duine agus do shaoirsí bunúsacha, go bhfónann an Coinbhinsiún mar ionstraim éifeachtach d'údaráis forfheidhmithe dlí agus d'údaráis bhreithiúnacha i gcomhrac domhanda na cibearchoireachta, agus é mar aidhm leis bearta a chur chun cinn agus a neartú chun an chibearchoireacht a chosc agus a chomhrac ar bhealach níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí, chun comhar idirnáisiúnta a chur chun cinn agus a éascú, chun ardleibhéal cosanta a áirithiú do chearta na n-íospartach, agus chun tacú le fothú acmhainneachta agus le cúnamh teicniúil i gcomhrac na cibearchoireachta.

(6) Go gcuirtear san áireamh go hiomlán creat reatha na n-ionstraimí agus na n-iarrachtaí idirnáisiúnta agus réigiúnacha a bhfuil seantaithí orthu, mar a léirítear i Rúin 74/247 agus 75/282 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe. Dá réir sin, go bhfuil an Coinbhinsiún comhoiriúnach leis na hionstraimí idirnáisiúnta atá ann cheana, go háirithe, Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta agus na prótacail a ghabhann leis (2000), Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe (2003), Coinbhinsiún Bhúdaipeist ó Chomhairle na hEorpa maidir le Cibearchoireacht agus na prótacail a ghabhann leis (2001), agus ionstraimí idirnáisiúnta agus réigiúnacha ábhartha eile, go háirithe iad sin a bhaineann le cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a chosaint. Go seachnaíonn an Coinbhinsiún aon tionchar a bheith aige ar chur i bhfeidhm na n-ionstraimí sin atá ann cheana nó ar aontachas breise aon tíre leo agus, a mhéid is féidir, go seachnaítear dúbailt gan ghá.

(7) Go gcuirtear san áireamh go hiomlán obair agus torthaí an Staidéir Chuimsithigh ar Chibearchoireacht a rinne an Grúpa saineolaithe idir-rialtasach neamhiata, mar a comhaontaíodh le Rún 75/282 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe.

(8) Go mbaineann forálacha an Choinbhinsiúin an chosaint is airde is féidir ar chearta an duine agus saoirsí bunúsacha amach. Ba cheart Ballstáit an Aontais a bheith in ann an dlí idirnáisiúnta agus dlí an Aontais a chomhlíonadh, lena n-áirítear cearta bunúsacha, saoirsí bunúsacha agus prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais mar a chumhdaítear i gConarthaí an Aontais Eorpaigh agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha. Ba cheart forálacha an Choinbhinsiúin a bheith i gcomhréir freisin le hoibleagáidí trádála idirnáisiúnta an Aontais agus na mBallstát.

Maidir le substaint na caibidlíochta, ba cheart é a bheith mar aidhm ag an Aontas an méid seo a leanas a bhaint amach:

(9) Go ndéantar foráil sa Choinbhinsiún maidir le sainmhínithe ar chionta nach féidir a dhéanamh ach amháin trí úsáid a bhaint as córais ríomhaireachta.

(10) Ar choinníoll go ráthaítear coinníollacha agus coimircí leordhóthanacha agus cosaint leordhóthanach ar chearta an duine agus ar shaoirsí bunúsacha, mar eisceacht ar an bprionsabal atá leagtha amach i mír 9, go bhféadfaí foráil a dhéanamh sa Choinbhinsiún maidir le sainmhínithe ar chionta is féidir a dhéanamh gan córais ríomhaireachta a úsáid ach is féidir a chumasú trí chórais ríomhaireachta a úsáid in imthosca áirithe, ach amháin i gcásanna ina ndéanann rannpháirtíocht na gcóras ríomhaireachta athrú suntasach ar shaintréithe nó ar thionchar na gcionta.

(11) Go bhfuil na cionta sainmhínithe go soiléir cúng ar bhealach atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de. Go bhfuil na sainmhínithe comhoiriúnach leis na sainmhínithe sin i gcoinbhinsiúin ábhartha idirnáisiúnta nó réigiúnacha eile, go háirithe i réimse na cibearchoireachta, agus le caighdeáin idirnáisiúnta maidir le cearta an duine agus saoirsí bunúsacha.

(12) Go ndéantar foráil sa Choinbhinsiún maidir le rialacha i ndáil le comhpháirteachas, agus i gcás inarb iomchuí, rialacha i ndáil le hiarracht a dhéanamh ar chionta den sórt sin, rialacha i ndáil le dliteanas daoine nádúrtha agus dlítheanacha as na cionta sin, rialacha i ndáil le dlínse ar chionta den sórt sin a bhunú, agus i ndáil le smachtbhannaí agus bearta éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha i dtaca leis na cionta sin atá comhoiriúnach le coinbhinsiúin ábhartha idirnáisiúnta nó réigiúnacha eile go háirithe i réimse na coireachta eagraithe nó na cibearchoireachta, agus le caighdeáin idirnáisiúnta maidir le cearta an duine.

(13) Go bhforáiltear leis an gCoinbhinsiún do bhearta nós imeachta coiriúla lena gceadaítear do na húdaráis imscrúdú éifeachtach a dhéanamh ar chibearchoireacht, lena bhféadfaí a áireamh, ar choinníoll go bhforáiltear do choimircí leordhóthanacha, bearta chun fianaise leictreonach ar aon chion coiriúil a chaomhnú nó a fháil mar chuid d'imscrúdú coiriúil nó d'imeacht coiriúil agus, i gcás, ina theannta sin, ina bhfuil gá léirithe agus breisluach, bearta chun fáltais ó choireanna den sórt sin a reo agus a choigistiú, agus aird chuí á tabhairt ar phrionsabail na comhréireachta, na dlíthiúlachta agus an éigin, ar chosaint na gceart a bhaineann le hurraim do phríobháideachas agus ar chosaint sonraí pearsanta.

(14) Nach dtagann na bearta nós imeachta coiriúla sin salach ar choinbhinsiúin ábhartha idirnáisiúnta nó réigiúnacha eile, go háirithe i réimse na coireachta eagraithe nó na cibearchoireachta, agus go bhfuil siad comhoiriúnach le coinbhinsiúin den sórt sin agus le caighdeáin idirnáisiúnta maidir le cearta an duine agus le saoirsí bunúsacha.

(15) Go bhfuil sainmhíniú soiléir cúng ar an gcineál sonraí a chumhdaítear sna bearta nós imeachta chun fianaise leictreonach a chaomhnú nó a fháil. Go n-áirithítear, le bearta nós imeachta le haghaidh comhar le heintitis san earnáil phríobháideach, go bhfuil an t-ualach ar eintitis den sórt sin comhréireach agus go dtugann eintitis san earnáil phríobháideach urraim iomlán do dhlíthe lena gcosnaítear cearta daonna a n-úsáideoirí. Go dtugann an Coinbhinsiún soiléireacht dhlíthiúil do sholáthraithe seirbhíse ar líne (e.g. soláthraithe seirbhíse Idirlín) ina n-idirghníomhaíochtaí le húdaráis forfheidhmithe dlí na Stát is Páirtithe sa Choinbhinsiún. Nach mbaineann na bearta nós imeachta chun ábhar neamhdhleathach a bhaint ach le hábhar neamhdhleathach a bhíonn sách sonrach agus sainmhínithe go cúng sa Choinbhinsiún.

(16) Go bhforáiltear leis an gCoinbhinsiún do bhearta comhair lena gceadaítear d'údaráis i Stáit éagsúla atá ina bpáirtithe san ionstraim comhoibriú go héifeachtach trí chúnamh dlíthiúil frithpháirteach, lena n-áirítear trí phointí teagmhála a bhunú, chun críche imscrúduithe coiriúla nó imeachtaí maidir le cionta a shainmhínítear san ionstraim. Go bhféadfaí foráil a dhéanamh leis freisin do bhearta comhair den sórt sin chun críche fianaise leictreonaí ar aon chion coiriúil a chaomhnú nó a fháil mar chuid d'imscrúdú coiriúil nó d'imeacht coiriúil, ar choinníoll go bhfuil na bearta sin faoi réir coinníollacha agus coimircí leordhóthanacha faoi dhlí náisiúnta na Stát, lena bhforálfar do chosaint leordhóthanach ar chearta an duine agus ar shaoirsí bunúsacha.

(17) Go bhfuil na bearta comhair sin comhoiriúnach le coinbhinsiúin ábhartha idirnáisiúnta nó réigiúnacha eile, go háirithe i réimse na coireachta eagraithe nó na cibearchoireachta, agus nach dtagann siad salach ar choinbhinsiúin den sórt sin, ar chaighdeáin idirnáisiúnta chearta an duine ná ar shaoirsí bunúsacha.

(18) Go bhfuil bearta comhair faoi réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear le dlí an Pháirtí iarrtha agus go ndéantar foráil leo maidir le forais leathana le diúltú amhail cosaint na gceart bunúsach a áirithiú, lena n-áirítear an ceart go ndéanfaí sonraí pearsanta a chosaint, lena n-áirítear i gcomhthéacs aistrithe sonraí pearsanta, agus coiriúlacht dhúbailte a bheith ann.

(19) Go ndéantar foráil sa Choinbhinsiún maidir le coinníollacha dochta agus coimircí láidre chun a áirithiú gur féidir le Ballstáit an Aontais cearta bunúsacha, saoirsí agus prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais mar a chumhdaítear i gConarthaí an Aontais Eorpaigh agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha a urramú agus a chosaint, lena n-áirítear, go háirithe, prionsabail na comhréireachta, dlíthiúlacht agus riachtanas cionta coiriúla agus pionóis, ráthaíochtaí nós imeachta agus cearta nós imeachta, an ceart chun sásaimh bhreithiúnaigh éifeachtaigh, toimhde na neamhchiontachta, an ceart chun trialach córa, agus cearta cosanta daoine atá faoi réir imeachtaí coiriúla, an ceart nach ndéanfaí duine a thriail ná a phionósú faoi dhó in imeachtaí coiriúla i ngeall ar an gcion coiriúil céanna, mar aon leis an gceart chun príobháideachais, an ceart go ndéanfaí sonraí pearsanta agus sonraí cumarsáide leictreonaí a chosaint, lena n-áirítear aistrithe chuig údaráis i dtíortha lasmuigh den Aontas agus an ceart. chun tuairimí a nochtadh agus an ceart chun faisnéise. Go n-áirithítear leis an gCoinbhinsiún, go háirithe, go mbeidh Ballstáit an Aontais in ann na ceanglais maidir le haistrithe idirnáisiúnta sonraí pearsanta de réir bhrí Threoir (AE) 2016/680, Rialachán (AE) 2016/679 agus Threoir 2002/58/CE a chomhlíonadh. Go n-áirithítear leis na coinníollacha agus leis na coimircí freisin go gcosnófar cearta an duine agus saoirsí bunúsacha i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta maidir le cearta an duine. Beidh feidhm aige sin maidir leis an gCoinbhinsiún ina iomláine, lena n-áirítear bearta nós imeachta agus bearta comhair, lena n-áirítear na bearta nós imeachta agus bearta comhair sin a d'fhéadfadh cur isteach go mór ar chearta daoine aonair.

(20) Go gcuireann an Coinbhinsiún bonn ar fáil maidir le bearta forbartha acmhainneachta deonacha chun tacú le tíortha ina gcumas imscrúduithe agus imeachtaí éifeachtacha cibearchoireachta a dhéanamh agus chun fianaise leictreonach haghaidh imscrúduithe agus imeachtaí cionta eile a fháil, lena n-áirítear trí bhíthin cúnamh teicniúil agus oiliúint. Go bhfuil ról ag UNODC a bhfuil cur síos soiléir déanta air maidir le cur chun feidhme na mbeart sin.

(21) Go n-áirithíonn an Coinbhinsiún go bhfaigheann daoine atá ina n-íospartaigh i ngeall ar an gcibearchoireacht cúnamh, tacaíocht, agus cosaint iomchuí mar aon le rochtain ar chúiteamh.

(22) Go gcuireann an Coinbhinsiún bonn ar fáil maidir le bearta praiticiúla chun an chibearchoireacht a chosc, ar bearta iad a shainmhínítear go soiléir agus atá teoranta go docht agus atá éagsúil ó bhearta nós imeachta coiriúil a d'fhéadfadh cur isteach ar chearta agus ar shaoirsí daoine aonair nó daoine dlítheanacha.

Maidir le feidhmiú an Choinbhinsiúin, ba cheart é a bheith mar aidhm ag an Aontas an méid seo a leanas a bhaint amach:

(23) Go gcaomhnaíonn an Coinbhinsiún na hionstraimí domhanda agus réigiúnacha atá ann cheana agus an comhar idirnáisiúnta leanúnach sa chomhrac domhanda i gcoinne na cibearchoireachta. Go háirithe, gur féidir le Ballstáit an Aontais, ina gcaidreamh frithpháirteach, leanúint de rialacha an Aontais a chur i bhfeidhm.

(24) Go ndéantar foráil sa Choinbhinsiún maidir le sásra iomchuí chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme é agus déantar foráil maidir le forálacha críochnaitheacha, lena n-áirítear forálacha maidir le réiteach díospóidí, síniú, daingniú, glacadh, formheas agus aontachas, teacht i bhfeidhm, leasú, fionraí, séanadh agus taiscí agus teangacha a mhúnlaítear nuair is féidir agus is iomchuí de réir forálacha coinbhinsiún ábhartha idirnáisiúnta nó réigiúnacha eile, go háirithe i réimse na coireachta eagraithe nó na cibearchoireachta.

(25) Go gceadaíonn an Coinbhinsiún don Aontas Eorpach a bheith ina pháirtí ann.

Tríd is tríd, is mar seo a leanas a bheidh an nós imeachta caibidlíochta:

(26) Ba cheart don Choimisiún iarracht a dhéanamh a áirithiú go bhfuil an Coinbhinsiún comhsheasmhach le reachtaíocht agus le beartais ábhartha an Aontais, agus le gealltanais an Aontais faoi chomhaontuithe iltaobhacha ábhartha eile.

(27) Ba cheart don Choimisiún caibidlíocht a dhéanamh thar ceann an Aontais, maidir le hábhair a thagann faoina inniúlacht, i gcomhréir leis na Conarthaí, agus ar ghlac an tAontas rialacha ina leith.

(28) Ní mór an chaibidlíocht, lena n-áirítear gach babhta caibidlíochta, a ullmhú i bhfad roimh ré. Chun na críche sin, cuirfidh an Coimisiún an Chomhairle ar an eolas faoin sceideal a bhfuiltear ag súil leis agus faoi na saincheisteanna a bheidh le caibidil agus comhroinnfidh sé an fhaisnéis ábhartha a luaithe is féidir.

(29) I gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit comhoibriú go dlúth le linn phróiseas na caibidlíochta, lena n-áirítear trí theagmhálacha rialta le saineolaithe na mBallstát agus le hionadaithe i Vín agus i Nua Eabhrac.

(30) Roimh na seisiúin chaibidlíochta, beidh cruinniú ag an Meitheal um Chomhar Breithiúnach in Ábhair Choiriúla chun na príomh-shaincheisteanna a shainaithint, tuairimí a cheapadh agus treoir a chur ar fáil, lena n-áirítear dearbhuithe agus forchoimeádais a cheapadh, de réir mar is iomchuí.

(31) Tuairisceoidh an Coimisiún don Mheitheal um Chomhar Breithiúnach in Ábhair Choiriúla maidir le toradh na caibidlíochta tar éis gach seisiúin chaibidlíochta, lena n-áirítear i scríbhinn.

(32) Cuirfidh an Coimisiún an Chomhairle ar an eolas faoi aon saincheist thábhachtach a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn na caibidlíochta agus rachaidh sé i gcomhairle leis an Meitheal um Chomhar Breithiúnach in Ábhair Choiriúla.